# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1473 ÓN gCOIMISIÚN

**an 17 Iúil 2023**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 a mhéid a bhaineann le foilsiú tagairtí do Dhoiciméid um Measúnú Eorpach maidir le scannáin atá le húsáid mar fhobhrait dín nó bhalla agus táirgí foirgníochta eile**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 22 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, úsáidfidh Comhlachtaí um Measúnú Teicniúil na modhanna agus na critéir a sholáthraítear i nDoiciméid um Measúnú Eorpach, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht táirgí foirgníochta a chumhdaítear leis na doiciméid sin i ndáil lena mbuntréithe.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, ar lorg roinnt iarratas ó mhonaróirí ar Mheasúnuithe Teicniúla Eorpacha, tá 20 Dhoiciméad um Measúnú Eorpach tarraingthe suas agus glactha ag eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil.

(3) Na Doiciméid um Measúnú Eorpach a tharraing eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil suas agus a ghlac sí, baineann siad leis na táirgí foirgníochta seo a leanas:

— scannáin atá le húsáid mar fhobhrait dín nó bhalla, nó mar an dá rud,

— sraithe rialála galuisce a bhraitheann ar bhogthaise,

— bratuithe mianraí tiubha solúbtha atá modhnaithe le polaiméir,

— insliú teirmeach le haghaidh foirgnimh atá déanta as burlaí tuí,

— cúr nasctha a rinneadh i monarcha atá le húsáid mar insliú fuaime agus teirmeach,

— cláir inslithe déanta as polúireatán athchúrsáilte atá le húsáid mar insliú fuaime agus teirmeach,

— trealamh de dhúile polúireatáin le haghaidh fráma inslithe teirmigh timpeall fuinneoga atá déanta as próifílí clóiríde polaivinile neamhphlaistithe,

— trealamh simléir atá frithsheasmhach in aghaidh dóiteáin súiche ag a bhfuil líneálach múcháin cré/ceirmeach, a fheidhmíonn i ndálaí fliucha agus faoi bhrú diúltach/deimhneach (le cur in ionad na sonraíochta teicniúla 060001-00-0802, 060003-00-0802 agus 060008-00-0802'),

— cláir struchtúracha a rinneadh a neart a ghrádú agus a siúntáladh le méaralt ag a bhfuil bonn méarailt dúnta acu — bogadhmad,

— leac adhmaid réamhdhéanta de bhogadhmad muilleáilte atá le húsáid mar eilimintí struchtúracha i bhfoirgnimh,

— fobhrait atá déanta as cúr gránaithe polúireatáin le corc gránaithe nó gan é,

— eilimintí sprionga chruaigh,

— painéil chomhchodacha atá bunaithe ar adhmad le haghaidh dearadh balla nó síleála taobh istigh, nó le haghaidh an dá rud,

([1]) IO L 88, 4.4.2011, lch. 5.

— trealamh le haghaidh díonta glasa,

— marcanna bóithre - eilimintí ais-fhrithchaiteacha;

— painéil ghloine, tíleanna agus mósáic,

— ancairí teilgthe ag a bhfuil soicéad snáithithe inmheánach (le cur in ionad na sonraíochta teicniúla 'EAD 330012-00-0601'),

— nascóirí plaisteach atá treisithe le snáithín gloine atá le húsáid i mballaí srathaithe agus eiliminte atá déanta as coincréiteach,

— gairis ancaire chun córais chosanta phearsanta ar thitim a cheangal le fostruchtúir adhmaid,

— ceanglóirí scriú nasctha atá le húsáid i gcoincréiteach.

(4) Na Doiciméid um Measúnú Eorpach atá tarraingthe suas agus glactha ag eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil, comhlíonann siad na riachtanais atá le comhlíonadh maidir leis na buncheanglais i ndáil le hoibreacha foirgníochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na Doiciméid um Measúnú Eorpach sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(5) Foilsítear liosta na dtagairtí do Dhoiciméid um Measúnú Eorpach maidir le táirgí foirgníochta de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 ón gCoimisiún ([2]). Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart tagairtí do Dhoiciméid nua um Measúnú Eorpach a chur leis an liosta sin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 a leasú dá réir.

(7) Chun gur féidir na Doiciméid um Measúnú Eorpach a úsáid a luaithe is féidir, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 ón gCoimisiún an 19 Márta 2019 maidir le foilsiú na nDoiciméad um Measúnú Eorpach le haghaidh táirgí foirgníochta arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 77, 20.3.2019, lch. 78).

*IARSCRÍBHINN*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450, cuirtear isteach na rónna seo a leanas in ord seicheamhach de réir ord na n-uimhreacha tagartha:

| | |
|---|---|
| '030218-01-0402 | Scannáin atá le húsáid mar fhobhrait dín nó bhalla, nó mar an dá rud' |
| '030271-00-0605 | Sraithe rialála galuisce a bhraitheann ar bhogthaise' |
| '030295-00-0605 | Bratuithe mianraí tiubha solúbtha atá modhnaithe le polaiméir' |
| '040146-00-1201 | Insliú teirmeach le haghaidh foirgnimh atá déanta as burlaí tuí' |
| '040831-00-1201 | Cúr nasctha a rinneadh i monarcha atá le húsáid mar insliú fuaime agus teirmeach' |
| '041369-00-1201 | Cláir inslithe déanta as polúireatán athchúrsáilte atá le húsáid mar insliú fuaime agus teirmeach' |
| '041499-00-1201 | Trealamh de dhúile polúireatáin le haghaidh fráma inslithe teirmigh timpeall fuinneoga atá déanta as próifílí clóiríde polaivinile neamhphlaistithe' |
| '060011-00-0802 | Trealamh simléir atá frithsheasmhach in aghaidh dóiteáin súiche ag a bhfuil líneálach múcháin cré/ceirmeach, a fheidhmíonn i ndálaí fliucha agus faoi bhrú diúltach/deimhneach<br>(le cur in ionad na sonraíochta teicniúla '060001-00-0802, 060003-00-0802 agus 060008-00-0802')' |
| '130321-00-0304 | Cláir struchtúracha a rinneadh a neart a ghrádú agus a siúntáladh le méaralt ag a bhfuil bonn méarailt dúnta acu – bogadhmad' |
| '130323-00-0304 | Leac adhmaid réamhdhéanta de bhogadhmad muilleáilte atá le húsáid mar eilimintí struchtúracha i bhfoirgnimh' |
| '190010-00-0502 | Fobhrait atá déanta as cúr gránaithe polúireatáin le corc gránaithe nó gan é' |
| '200112-00-0301 | Eilimintí sprionga chruaigh' |
| '210058-00-0504 | Painéil chomhchodacha atá bunaithe ar adhmad le haghaidh dearadh balla nó síleála taobh istigh, nó le haghaidh an dá rud' |
| '220009-00-0401 | Trealamh le haghaidh díonta glasa' |
| '230064-00-0106 | Marcanna bóithre - ábhair ais-fhrithchaiteacha' |
| '300002-00-1202 | Painéil ghloine, tíleanna agus mósáic' |
| '330012-01-0601 | Ancairí teilgthe ag a bhfuil soicéad snáithithe inmheánach<br>(le cur in ionad na sonraíochta teicniúla 'EAD 330012-00-0601')' |
| '330387-00-0601 | Nascóirí plaisteach atá treisithe le snáithín gloine atá le húsáid i mballaí srathaithe agus eiliminte atá déanta as coincréiteach' |
| '331846-00-0603 | Gairis ancaire chun córais chosanta phearsanta ar thitim a cheangal le fostruchtúir adhmaid' |
| '332795-00-0601 | Ceanglóirí scriú nasctha atá le húsáid i gcoincréiteach'. |